C/2024/6379

23.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11722 – LONE STAR FUNDS / CROWN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6379)

1. An 16 Deireadh Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Lone Star Fund XII, L.P., cleamhnaí de Lone Star Funds ('Lone Star', na Stáit Aontaithe),

— Kidde Fire Protection LLC (na Stáit Aontaithe) agus Carrier Fire & Security B.V. (an Ísiltír, in éineacht le Kidde Fire Protection LLC, 'Crown'), faoi bhainistiú Carrier Global Corporation (na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Lone Star rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Crown ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh Mheiriceánach é Lone Star a chuireann comhairle ar chistí a infheistíonn ar fud an domhain i réadmhaoin, cothromas, creidmheas agus sócmhainní airgeadais eile,

— Is soláthraí earraí sábháilteachta dóiteáin agus ionraidh tráchtála agus cónaithe agus seirbhísí gaolmhara é Crown.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11722 – LONE STAR FUNDS / CROWN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË